**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000004/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Manon Aubry**, **Martin Schirdewan**, **Marc Botenga**, **Cornelia Ernst**, **Younous Omarjee**, **Mick Wallace**, **Clare Daly**, **Konstantinos Arvanitis**
thar ceann Ghrúpa The Left

Ábhar: Ceilt ó thaobh an Choimisiúin de ar theachtaireachtaí téacs arna malartú ag a chathaoirleach le Príomhfheidhmeannach Pfizer le linn caibidlíochtaí maidir le hordú 1.8 billiún dáileog vacsaíne

Go dtí seo, diúltaíonn Uachtarán an Choimisiúin rochtain a thabhairt ar na teachtaireachtaí a rinne sí a mhalartú le stiúrthóir bainistíochta Pfizer le linn caibidlíochtaí as ar tháinig conradh chun 1.8 billiún dáileog vacsaíne a ordú i gcoinne COVID-19 ar chostas 35 bhilliún. euro. Leis an gconradh a tugadh i gcrích, daingníodh méadú níos mó ná an ceathrú cuid ar phraghas na ndáileog, ó 15.5 euro go 19.5 euro, rud a mhéadaigh go mór corrlaigh shaotharlann Pfizer chun aimhleasa na hEorpa.

Deir lucht an Choimisiún nach bhfuil ábhar na dteachtaireachtaí sin ina gcartlann ná nach gcoinníonn siad aon ‘teachtaireachtaí meandracha’ toisc nach maireann siad i bhfad agus nach bhfuil sé beartaithe go mbeadh faisnéis thábhachtach iontu faoi ghníomhaíocht an Choimisiúin. Tá caibidliú conartha den sórt sin ríthábhachtach, áfach, ó thaobh úsáid a bhaint as airgead poiblí agus beartas sláinte.

Féadfaidh cineál teimhneach na caibidlíochta a dhéanann an Coimisiún agus an diúltú na teachtaireachtaí meandracha sin a chartlannú agus a thíolacadh sárú a dhéanamh ar cheart bunúsach na saoránach rochtain a fháil ar fhaisnéis. Bhain an tOmbudsman Eorpach de thátal as freisin sa chás sin gur sáraíodh an dlí Eorpach. Tá an Coimisiún cuntasach do Pharlaimint na hEorpa agus dá bhrí sin ba cheart go dtiocfadh a hUachtarán os a comhair chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

1. An admhaíonn Uachtarán an Choimisiúin gur ghníomhaigh sí ar bhealach teimhneach, de shárú ar cheart bunúsach na saoránach go gcuirfí ar an eolas iad faoi ghníomhaíocht institiúidí poiblí?

2. Cén t-ábhar a bhí sa phlé idir an t-uachtarán agus oifigigh Pfizer agus conas a mhíníonn sí an t-ardú ar phraghas na ndáileog vacsaíne chun leasa an mhonaróra agus chun aimhleasa na hEorpa?

3. Cad iad na gealltanais atá beartaithe ag an gCoimisiún a thabhairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le rochtain ar dhoiciméid atá i bhfeidhm le breis agus 20 bliain agus ar a bheartas féin sa réimse sin chun leibhéal inghlactha trédhearcachta agus cuntasachta na n-institiúidí Eorpacha a áirithiú?

Curtha síos: 7.2.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 8.5.2022